

UAMHAIN THALMHANA

Tá uamhain thalmhana i nGleann Fhada. Is leis an Rátha an Gleann. Tá sé ráite go bhfuil an uamhain thalmhana ag guil soir go dtéidhe tú faoi Chaisleán na Circe. Uaidh sin tá sé a' gul amach go dtéidhe sé go Druim Snámha. Tá fuasgailt annsin mar bheadh daoine a' gul síos agus aníos ann sa sean-reacht. Tá sé ráidhte go bhfuil sé a' gul go dtí Poll na gColm i gCunga. Is ann atá a cheann aríst le feiceál.

14/11/1933